



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

L Aidin – Gnáthleibhéal
(400 marc)

Déardaoin, 23 Meitheamh, Maidin 9.30 – 12.00

1. (i) Cuir Gaeilge ar an **gcéad sé** líne:- [80]
(35)

Filia, consuetis ut erat comitata puellis,
errabat nudo per sua prata pede.
tot fuerant illic, quot habet natura, colores,
pictaque dissimili flore nitebat humus.
quam simul adspexit, “comites, accedite,” dixit,
6 “et mecum plenos flore replete sinus.”
plurima lecta rosa est; sunt et sine nomine flores.
ipsa crocos tenues, liliaque alba legit.
carpendi studio paulatim longius itur;
et dominam casu nulla secuta comes.
hanc videt, et visam patruus velociter aufert,
regnaque caeruleis in sua portat equis.

OIVID

- (ii) Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Is fiú cúig mharc déag gach aon cheist acu):- (45)

- (a) Cé hí an *filia* (líne 1)? Cé hí a máthair?
(b) Cé hé an *patruus* (líne 11)? Cén ról a ghlacann sé sa scéal seo?
(c) “D’fhéadfadh ealaíontóir pictiúr iontach a phéinteáil ón radharc a thugtar sa dán seo.”
An aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Bíodh cúiseanna agat le do fhreagra.
(d) Ainmnigh na **trí** bhláth a luaitear sa dán .
(e) Scríobh nóta gearid ar bheatha Oivid.
(f) Cad é an sliocht nó an dán is fearr leat ar an gcúrsa? Cad a thaitníonn leat go speisialta ina thaobh?

2. Cuir Gaeilge ar:- [80]

(Taitníonn a bhronntanas ón Dia Bacas go mór leis an Rí Midas)

Deus Bacchus regi Midae promisit, “Tibi dabo quidquid vis.”
“Omnia quae tango in aurum verto,” Midas deo respondit. Quamquam deus tristis fuit quod Midas tam stultus erat, ei dedit donum quod petiverat.

Rex abiit gaudens. Ramum ab arbore abripuit. Statim ramus aureus factus est. Etiam aqua in qua manum posuit aurea fuit. Ita rex sperabat se mox divitissimum futurum esse.

quidquid: cibé rud .
stultus: amadach.
arbor: crann.

tango: tadhlaím.
donum: bronntanas.
abripio: goidim.

aurum: ór.
gaudens: sona.
dives: saibhir.

verto: athraím.
ramus: craobh.

3. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Is fiú deich marc gach aon cheist acu):-

[80]

(Ní fada go dtagann aiféala ar Mhidas faoin mbronntanas a roghnaigh sé)

Deinde servi cenam regi posuerunt. Rex panem ad os tulit, sed panis durus fuit. Vinum ex aureo poculo bibere voluit, sed cum vinum os tetigisset, aureum factum est.

Iam Midas intellexit quam stultus fuisset. Bracchia splendida ad caelum sustulit et deum oravit ut sibi parceret. Bacchus, quod benignus erat, regem servavit.

panis: arán.

os: béal.

durus: crua.

poculum: cupán.

tango: tadhlaím.

bracchium: lámh.

splendidus: lonrach.

parco (+tabharthach): tá trua agam do.

benignus: cineálta

- (i) Cad a rinne sclábhaithe an rí ag tús an tsleachta seo?
- (ii) Déan cur síos go mion ar an gcéad deacracht a bhí ag an rí.
- (iii) Déan cur síos go mion ar an dara deacracht a bhí ag an rí.
- (iv) Cad a thuig Midas anois?
- (v) Cad a rinne sé nuair a thuig sé é seo?
- (vi) Cad a d'impigh Midas ar an dia a dhéanamh?
- (vii) Cad a insítear dúinn faoi charachtar Bhacas?
- (viii) Cad a rinne Bacas ar son Midas?
- (ix) Luaigh na príomhranna de **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thuas:-

pono, fero, sum, volo, oro.

- (x) Luaigh an Tuiseal Ginideach, Uimhir Uatha, de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thuas:-

servus, cena, rex, caelum, deus.

4. Freagair Roinn A nó Roinn B. (Is fiú ochtó marc gach roinn acu):-

[80]

A. Cuir Laidin ar:-

- (a) Thrasnaigh Hannabal na sléibhte lena shaighdiúirí chun ionradh a dhéanamh ar an Iodáil. (16)
- (b) Bhí áthas mór ar na saighdiúirí nuair a chonaic siad an Iodáil. (16)
- (c) Le blianta fada throid siad go calma i gcoinne na Rómhánach san Iodáil. (16)
- (d) Bhí fearg ar na Rómhánaigh agus shocraigh siad ar sheoladh chuig an Afraic. (16)
- (e) D'fhill Hannabal abhaile ach bhuaigh na Rómhánaigh air thall ansin. (16)

déanaim ionradh ar: invado.

áthasach: laetus.

socraím: constituo.

NÓ

B. Cuir Gaeilge ar:-

(*Úsáideann Fabius beartaíocht i gcoinne Hannabal chun moill a chur air*)

Hannibal postquam Alpes transivit tres imperatores clarissimos in Italia vicit. Contra eum igitur Fabius dictator missus est. Fabius rationem belli mutavit. Non enim cum Hannibale proelium commisit, sed Hannibalem et exercitum eius a frumento aliisque rebus prohibebat. Hoc consilio rem publicam servavit et fama eius rei semper apud Romanos mansit. Romani igitur Fabium magnopere laudabant.

imperator: ginearál.
muto: athraím.
frumentum: arbhar.

clarus: cáiliúil.
proelium committo: téim sa chath.
prohibeo: coinním ó.

ratio: plean.
exercitus: arm.
fama: cáil.

5. Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch. Freagair Roinn A agus Roinn B.

[40]

A. Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceistanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- (i) Conas a thosaigh na Rómhánaigh agus na Cartagaigh ag troid ar dtús?
- (ii) Ainmnigh **dhá** oileán a tháinig faoi smacht na Rómhánach idir an Chéad agus an Dara Cogadh Púnach.
- (iii) Céard a tharla ag Loch Trasimene sa bhliain 217 R.Ch?
- (iv) Cá raibh Zama agus cad a tharla ansin sa bhliain 202 R.Ch?
- (v) Cén chathair a scrios Scipio Aemilianus sa bhliain 146 R.Ch? Cén chathair a scrios sé sa bhliain 133 R.Ch?
- (vi) Cad ab ea *latifundia* agus cén tionchar a bhí acu ar shochaí na Róimhe?
- (vii) Cérbh é Jugurtha agus conas a chothaig sé trioblóid do na Rómhánaigh?
- (viii) Cad iad na cumhachtaí a fuair Poimpéas tríd an *Lex Manilia* agus cad chuige?
- (ix) Cérbh é Clodius agus céard a tharla dó?
- (x) Cén fáth go ndúirt Iúl Caesar *alea iacta est* nuair a thrasnaigh sé an Rubicon sa bhliain 49 R.Ch.?

B. Samhlaigh gur tusa Sulla agus tá tú ar tí éirí as an deachtóireacht. Scríobh litir chuig an tSeanad ina dtéann tú siar ar do ghníomhréim **agus** mínigh cén fáth a bhfuil cinneadh déanta agat ar eirí as an deachtóireacht. (20)

NÓ

Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i réim phoiblí Chicearó ar cuireadh deireadh foréigeanach léi le linn na n-eisreachtuithe a lean fheallmharú Iúl Caesar. (20)

6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach. Freagair Roinn A agus Roinn B.

[40]

A. Tabhair faoi **chúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- (i) Cad iad na príomhdhualgais a bhí ar *aedile*?
- (ii) Cad iad na dualgais a bhí ar *paedagogus* i dteaghlach Rómhánach?
- (iii) Déan cur síos ar phríomhghnéithe *atrium* i dteach Rómhánach.
- (iv) Cén ról a bhí ag *tribunus plebis* sa stát Rómhánach?
- (v) Déan cur síos ar cibé rud a tharla ag *cena* Rómhánach.
- (vi) Cén cineál oideachais a fuair cailín Rómhánach de ghnáth?
- (vii) Céard é an *Colosseum* agus céard a tharla ansin?
- (viii) Déan cur síos ar cibé rud a tharla ag searmanas *manumissio*.
- (ix) Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le sochraidí Rómhánacha.
- (x) Déan cur síos ar phríomhghnéithe an *caldarium* i bhfoirgneamh folcadáin Rómhánach.

B. Féach ar an dealbh seo de Mhaighdean Veisteach agus freagair na ceisteanna seo a leanas:- (20)



- (i) Cérbh í Vesta? Cén ról a bhí ag na Maighdeana Veisteacha? (8)
- (ii) Samhlaigh gur Rómhánach tusa ar iarradh ort cuid de na príomhchreidimh reiligiúnacha atá agat a mhíniú do chairde sna cúigí. Scríobh litir mhínithe ina bhfuil eolas faoi roinnt díobh seo a leanas: *Lares* agus *Penates*; na mórdhéithe agus na bandéithe; íobairt agus *augur* agus *haruspex*. (12)